

# Rince Rúnda

Bundráma (ceoldráma) nuacheaptha a  
d'oirfeadh do pháistí bunscoile go rang 3

Aoife Ní Chaoimh

# Foireann:

An Rí

Oifigeach na Cúirte

Giolla 1

Giolla 2

Dáréag Banphrionsa

Prionsa 1

Prionsa 2

Prionsa 3

Prionsaí eile

Coileach

# Radharc 1

## Suíomh

*Tá an Rí sa chaisleán agus é go mór trí chéile.*

*Tá na banphrionsaí ag éalú ist' oíche i ngan fhios don Rí agus ar maidin bíonn a mbróga loitithe. Tá an t-uafás airgid á chaitheamh aige ar bhróga nua dóibh agus tagann billí nua chuige gach lá.*

*Lorgaíonn sé 'laoch' a nochtfaidh 'rún na mbróg dó...'*

**Oifigeach na cúirte:** Éistigí! Éistigí!

Scéal anois daoibh...faoi...na bróga briste  
Faoi Rí...agus banphrionsaí a bhí an-chliste  
Iad ag éalú choíche  
Le rince ist' oíche  
Gach bróg sa phálás acu scriosta!

Caithfidh an Rí an scéal a fhiosrú  
Ionas nach rachaidh tuilleadh airgid amú!

Tagaigí liom...ag an Rince Rúnda!

*Osclaíonn na cúirtíní.*

**Cór:** Ceol  
Bhí Rí ann a bhí trí chéile  
Billí chuige de ló is d'oíche  
Airgead ag imeacht ar nós na gaoithe  
Bhí sé cráite ciapaithe

Beirt bhanphrionsaí déag mar iníon'  
Iad go hálainn ach ábhairín fiáin  
Bróga nua uathu choíche  
Bhí sé cráite ciapaithe

**Giolla 1:** Bille eile ó Chlarkes sa Phavillion.

**Giolla 2:** Ó Jimmy Choo is ó Louis Vuitton

**Rí:** Ní bheidh pingin rua fágtha muna bhfaighim amach,  
Conas na bróga go léir bheith ina bpraiseach?

A Ghiolla, A Ghiolla!  
Croch suas na fógraí seo go beo.  
Brostaigh ort gan aon agó.  
Laoch atá uaim a nochtaigh an rún  
Faoi na bróga, is codlóidh mé go suan!

*Tugann an Rí postaer don Ghiolla le ‘Laochra de dhíth’ scríte air.*

**Oifigeach na Cúirte:**

*(Lantaeir i láimh amháin agus cloigín á bhualadh sa láimh eile)*

Éistigí, éistigí!

Laochra de dhíth

Ón Árd-Rí!

Má nochtann tú rún na mbróg,

Ó Bhanphrionsa, gheobhaidh tú póg!

**Cór:** Tháinig prionsa óg an tslí  
Is chnag ar dhoras an Árd-Rí  
Sheas go ciúin, le crith ina chroí  
Gur labhair an Rí leis “lig do scíth”.

**“Beidh Aonach Amárach.”**

**Cór:** Ist’ oíche téann m’ iníon’ a luí  
Tá dáréag ann grá geal mo chroí.  
Ach ar maidin is é in am éirí  
Bíonn na bróga caite gan aon bhrí.  
Is a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
Cén fáth na bróga ‘bheith ina bpraiseach?

**Cúrfá ceoil** *Téann na banphrionsaí a chodladh ach dúisíonn siad arís.*

**Ava:** Ar mhaith libh dul ag Rince anocht?

**Grace:** Ba mhaith linn cinnte,

**Cáit:** Ach cad faoin laoch bocht?

**Róisín:** Tabharfaimid deoch draíochta dó.  
faoin oíche beidh sé ar a sháimhín só.

**Bog Braon**

**Ban:** Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.

**Phrionsaí:** Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.

**Cór:** Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoich bhoicht.  
Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoich bhoicht.

*Tugann na banphrionsaí deoch draíochta don laoch a chuireann a chodladh é. Éalaíonn siad amach go ciúin. Téann siad ar bhád chuig an Rince.*

**Óró mo Bháidín.**

*Caithfidh mé mo bhróga nua is gabhfaidh mé siar*

*Óró mó churaichín ó*

*‘S nuair a raghad go dtí an Rince*

*Ní thiocfaidh mé aniar.*

*Óró mo bháidín.*

*Óró mo churaichín ó*

*Óró mo bháidín*

*Óró mo churaichín ó*

*Óró mo bháidín.*

*Bíonn rince ag na banphrionsaí leis na prionsaí.*

**Tar Chugam** (píosa ceoil ríoga)

**Coileach:** Coc a dúdail dú!

*Tar éis rince ar feadh na hoíche, cloiseann na banphrionsaí an coileach agus imíonn siad ar ais abhaile gan mhoill.*

**Tá an coileach ag fógairt an lae**

**Tá an coileach ag fógairt an lae**

**Tá’n ghrian ag éirí, huré!**

**Am éirí do chách**

**Tá’n aimsir go breá**

**Tá’n coileach ag fógairt an lae.**

*Tagann na banphrionsaí ar ais díreach in am. Dúisíonn an Rí agus deineann sé cigireacht ar na bróga.*

**Rí:** Dúisigh, duisigh a amadáin, a phleidhce!  
Tá na bróga briste, tá do phort seinnte!

*Nuair a fheiceann sé go bhfuil siad loitithe arís bíonn sé crosta.*

**Rí:** Salach! Scriosta! Bróga briste!

*Dúisíonn an Rí an laoch de bhéic.*

**Rí:** A Ghiolla, A Ghiolla!  
Cuir suas an stádas seo go beo.  
Brostaigh ort gan aon agó.  
Laoch atá uaim a nochtfaidh an rún  
Faoi na bróga is codlóidh mé go buan!

## Oifigeach na Cúirte:

Laochra de dhíth  
Ar an Árd-Rí!  
Má nochtann tú rún na mbróg,  
Ó Bhanphrionsa, gheobhaidh tú póg!

**Cór:**        **Polca**  
Tháinig prionsa eile an tslí  
Is chnag ar dhoras an Árd-Rí  
Sheas go ciúin, le crith ina chroí  
Gur labhair an Rí leis “lig do scíth”.

*“Beidh Aonach Amárach.”*

**Cór:**        Ist’ oíche téann m’iníon’ a luí  
Tá dáréag ann grá geal mo chroí.  
Ach ar maidin is é in am éirí  
Bíonn na bróga caite gan aon bhrí.

Is a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
Cén fáth na bróga ‘bheith ina bpraiseach?

**Lilly:**        Ar mhaith libh dul chuig Céilí anocht?

**Freya:**        Ba mhaith linn cinnte, ach cad faoin laoch bocht?

**Máire:**        Tabharfaimid deoch draíochta dó.

**Cáit:**        Faoin oíche beidh sé ar a sháimhín só.

## **Bog Braon**

**Ban:**        Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.

**Phrionsaí:**    Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.

**Cór:**        Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoch bhoicht.  
Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoch bhoicht.

*Tugann na banphrionsaí deoch draíochta do laoch 2. Ólann sé é agus codlaíonn sé.*

**Óró mo Bháidín**

*Caithfidh mé mo bhróga nua is gabhfaidh mé siar*

*Óró mó churaichín ó*

*‘S nuair a raghad go dtí an Céilí*

*Ní thiocfaidh mé aniar.*

*Óró mo bháidín.*

*Óró mo churaichín ó*

*Óró mo bháidín*

*Óró mo churaichín ó*

*Óró mo bháidín.*

*Bíonn rince ag na banphrionsaí leis na prionsaí.*

**Coileach:**      Coc a dúdail dú!

*Tar éis rince ar feadh na hoíche, cloiseann na banphrionsaí an coileach agus imíonn siad ar ais abhaile gan mhoill.*

**Tá an coileach ag fógairt an lae**

*Tá an coileach ag fógairt an lae*

*Tá’n ghrian ag éirí, huré!*

*Am éirí do chách*

*Tá’n aimsir go breá*

*Tá’n coileach ag fógairt an lae.*

*Tagann na banphrionsaí ar ais díreach in am. Dúisíonn an Rí agus deineann sé cigireacht ar na bróga.*

**Rí:**              Dúisigh, dúisigh a amadáin, a phleidhce!  
Tá na bróga briste, tá do phort seinnte!

*Nuair a fheiceann sé go bhfuil siad loitithe arís bíonn sé crosta.*

**Rí:**              Salach! Scriosta! Bróga briste!

*Dúisíonn an Rí an laoch de bhéic.*

**Rí:**              A Ghiolla, A Ghiolla!  
Cuir suas an twít seo go beo.  
Brostaigh ort gan aon agó.  
Laoch atá uaim a nochtfaidh an rún  
Faoi na bróga is codlóidh mé go buan!

**Oifigeach na Cúirte:**

Éistigí! Éistigí!  
Laochra de dhíth  
Ar an Árd-Rí!  
Má nochtann tú rún na mbróg,  
Ó Bhanphrionsa, gheobhaidh tú póg!

**Cór:** **Polca**

Tháinig prionsa eile an tslí  
Is chnag ar dhoras an Árd-Rí  
Sheas go ciúin, le crith ina chroí  
Gur labhair an Rí leis “lig do scíth”.

*“Beidh Aonach Amárach.”*

**Cór:** Ist’ oíche téann m’iníon a luí  
Tá dáréag ann grá geal mo chroí.  
Ach ar maidin is é in am éirí  
Bíonn na bróga caite gan aon bhrí.

Is a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
Cén fáth na bróga ‘bheith ina bpraiseach?

**Cór:** Tháinig prionsa óg an tslí  
Is chnag ar dhoras an Árd-Rí  
(*Polca*) Sheas go ciúin, le crith ina chroí  
Gur labhair an Rí leis “lig do scíth”.

**Cúrfá ceoil** *Téann na banphrionsaí a chodladh ach dúisíonn siad arís.*

**Holly:** Ar mhaith libh dul go dtí an Dioscó anocht?

**Emma:** Ba mhaith cinnte, ach cad faoin laoch bocht?

**Hope:** Tabharfaimid deoch draíochta dó.

**Sofie:** Faoin oíche beidh sé ar a sháimhín só.

**Bog Braon**

**Ban:** Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.

**Phrionsaí:** Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.

**Cór:** Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoch bhoicht.  
Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoch bhoicht.

*Tugann na banphrionsaí deoch draíochta do laoch 3 ach ní ólann sé é. Caitheann sé amach é i ngan fhios.*

**Óró mo Bháidín**

*Caithfidh mé mo bhróga nua is gabhfaidh mé siar*

*Óró mó churaichín ó*

*‘S nuair a raghad go dtí an Dioscó*

*Ní thiocfaidh mé aniar.*



*Óró mo bháidín.*

*Óró mo churaichín ó  
Óró mo bháidín  
Óró mo churaichín ó  
Óró mo bháidín.*

*Bíonn rince ag na banphrionsaí leis na prionsaí.*

**Gach éinne mar dheilbh!** (“Aside”)

**Prionsa 3:** Leanfaidh mé na cailíní le mo thaibléid  
Nuair a nochtfar an rún beidh orm ríméad.  
Glacfaidh mé grianghraf leis an iPad  
Taispeánfad don Rí é, nach mise an leaid!

*Leanann laoch 3 na banphrionsaí i ngan fhios agus é ag glacadh grianghraif mar fhianaise.*

**Cór** Óró mo churaichín ó  
Óró mo bháidín  
Óró mo churaichín ó  
Óró mo bháidín.

*Bíonn rince ag na banphrionsaí leis na prionsaí.*

*Tar éis rince ar feadh na hoíche, cloiseann na banphrionsaí an coileach agus imíonn siad ar ais abhaile gan mhoill.*

**Tá an coileach ag fógairt an lae**  
***Tá an coileach ag fógairt an lae***  
***Tá’n ghrian ag éirí, huré!***  
***Am éirí do chách***  
***Tá’n aimsir go breá***  
***Tá’n coileach ag fógairt an lae.***

*Tagann na banphrionsaí ar ais díreach in am. Dúisíonn an Rí agus deineann sé cigireacht ar na bróga.*

*Nuair a fheiceann sé go bhfuil siad loitithe arís bíonn sé crosta.*

**Rí:** Salach! Scriosta! Bróga briste!

*Dúisíonn an Rí an laoch de bhéic.*

**Rí:** Dúisigh, dúisigh a amadáin, a phleidhce!  
Tá na bróga briste, tá do phort seinnte!

**Prionsa 3:** Ní mar a shíltear a bhítear a Rí!  
Bhí mise gnóthach i rith na hoí’!

**Rí:** Mmm! (ag féachaint ar na grianghraif)

Tá fianaise agat, fianaise go leor.  
Tá an duais buaite agat, ceart is cóir.

**Cór:** Roghnaigh an prionsa cailín a chroí.

*Téann laoch 3 ar a ghlúine ós comhair banphrionsa amháin.*

**Prionsa 3:** An mbeidh tusa agamsa mar mhnaoi?  
(ar a ghlúine)

*Aontaíonn sí – cromann a ceann.*

**Cór:** Hurá! Níl sé cráite ciapaithe níos mó

**Rí:** Cuir deireadh le gach rince gan aon agó!

*Banphrionsaí go léir, scéin ar a n-aghaidh, ahh!*

*Níl an Rí sásta mar loitfear na bróga má leantar leis an rince.*

**Ava:** Bainis gan rince? Ní féidir sin!

**Lilly:** Á, a Dhaidí, bíodh cóisir againn!

**Rí:** (ag smaoineamh) Mmm. Maith go leor.

**Cór:** Hurá!

**Rí:** Réitigh cóisir na bainise go luath!

*Smaoiníonn na banphrionsaí ar feadh tamaill.*

**Banphrionsaí:** A Dhaidí...

**Róisín:** An gceannóidh tú dúinn...

**Banphrionsaí:** BRÓGA NUA!

**Rí:** Ahh! (ag béicigh le frustrachas!)

**Gach éinne mar dhealbh!** (“Aside”)

**Oifigeach na Cúirte:**

Éistigí! Éistigí!  
Tá deireadh ár seó buailte linn  
Lánúin ag pósadh, bíodh cóisir againn.  
Fáilte romhaibh uilig, idir óg agus aosta,  
Bígí linn, is bain taitneamh as ár bhféasta!

**Amhráin: Ar mhaith libh teacht chuig cóisir?**  
(Marry you – Bruno Mars)

**Cúrfá**

*Tá an rún amuigh  
Is tá an pálás réidh  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?  
Táimid gléasta suas  
Is tá ár mbróga réidh,  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?  
Bhí an Rí trí na chéile  
Na bróga 'gcónaí briste, ó ó ó ó  
Bhí sé faoi bhró ó ó ó ón  
An Rí Bocht.  
Chonaic prionsaí fógra  
Tháinig siad an-chróga ó ó ó ó  
D'ól siad deoch draí-íoc-ha  
Theip orthu.*

*Tháinig leaid amháin,  
Le 'ipad' iontach, bán  
Pictiúirí ar scáileán  
Bhí an Rí, sona sásta!*

*Tá an rún amuigh  
Is tá an pálás réidh  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?  
Táimid gléasta suas  
Is tá ár mbróga réidh  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*

*Tháinig leaid amháin,  
Le 'ipad' iontach, bán  
Pictiúir ar scáileán  
Bhí an Rí, sona sásta!*

*Tá an rún amuigh  
Is tá an pálás réidh  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?  
Táimid gléasta suas  
Is tá ár mbróga réidh  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?  
A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*

## Na hamhráin

### Fonn: Polca

*Bhí Rí ann a bhí trí chéile  
Billí chuige de ló is d'oíche  
Airgead ag imeacht ar nós na gaoithe  
Bhí sé cráite ciapaithe*

*Beirt bhanphrionsaí déag mar iníon'  
Iad go hálainn ach ábhairín fiáin  
Bróga nua uathu choíche  
Bhí sé cráite ciapaithe*

*Tháinig prionsa óg an tslí  
Is chnag ar dhoras an Árd-Rí  
Sheas go ciúin, le crith ina chroí  
Gur labhair an Rí leis "lig do scíth".*

### Fonn: Beidh Aonach Amárach

*Ist' oíche téann m'iníon a luí  
Tá dáréag ann grá geal mo chroí.  
Ach ar maidin is é in am éirí  
Bíonn na bróga caite gan aon bhrí.*

*Is a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
a phrionsa óig, an bhfaighfeá amach?  
Cén fáth go bhfuil na bróga 'na bpraiseach?*

### Bog Braon

*Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.  
Bog braon, bog braon, bog braon don laoch bocht.*

*Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoch bhoicht.  
Téir a chodladh, Téir a chodladh, Téir a chodladh, a laoch bhoicht.*

### Óro mo Bháidín

*Caithfidh mé mo bhróga nua is gabhfaidh mé siar  
Óró mó churaichín ó  
'S nuair a théim go dtí an Rince  
Ní thiocfaidh mé aniar.  
Óró mo bháidín.*

*Óró mó churaichín ó  
Óró mo bháidín  
Óró mó churaichín ó  
Óró mo bháidín.*

*Tá an coileach ag fógairt an lae*  
*Tá an coileach ag fógairt an lae*  
*Tá'n ghrian ag éirí, huré!*  
*Am éirí do chách*  
*Tá'n aimsir go breá*  
*Tá'n coileach ag fógairt an lae.*

*Marry You – Bruno Mars*

*Cúrfá*  
*Tá an rún amuigh*  
*Is tá an pálás réidh*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*  
*Táimid gléasta suas*  
*Is tá ár mbróga réidh,*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*  
*Bhí an Rí trí na chéile*  
*Na bróga 'gcónaí briste, ó ó ó ó ó*  
*Bhí sé faoi bhró ó ó ó ón*  
*An Rí Bocht.*  
*Chonaic prionsaí fógra*  
*Tháinig siad an-chróga ó ó ó ó ó*  
*D'ól siad deoch draí-íoc-hta*  
*Theip orthu.*

*Tháinig leaid amháin,*  
*Le 'ipad' iontach, bán*  
*Pictiúirí ar scáileán*  
*Bhí an Rí, sona sásta!*

*Tá an rún amuigh*  
*Is tá an pálás réidh*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*  
*Táimid gléasta suas*  
*Is tá ár mbróga réidh*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*

*Tháinig leaid amháin,*  
*Le 'ipad' iontach, bán*  
*Pictiúir ar scáileán*  
*Bhí an Rí, sona sásta!*

*Tá an rún amuigh*  
*Is tá an pálás réidh*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*  
*Táimid gléasta suas*  
*Is tá ár mbróga réidh*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*  
*A chairde, ar mhaith libh teacht chuig cóisir?*